

## Lá Idirnáisiúnta na mBan

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi Lá Idirnáisiúnta na mBan. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus leis an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus ar na frásaí seo? Bainigí úsáid as [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie), [www.teanlann.ie](http://www.teanlann.ie) agus [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie) mura bhfuil sibh cinnte.

bias, prejudice	_____
achieved	_____
reasonable working hours	_____
voting rights	_____
in the sectors	_____
quarter	_____
balance	_____
fair, equitable	_____
equality	_____
in homage to	_____
bravely	_____

Féachaigí ar an mír den chéad uair le seiceáil an raibh an ceart agaibh.



### Ceist 2

Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na dathanna a úsáidtear chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh?
2. Cén fáth a bhfuil Lá Idirnáisiúnta na mBan ar an ochtú lá de mhí an Mhárta?
3. Cad a dúirt Bairbre Hergett, Ola Majekodunmi, Mairéad Ní Mhaonaigh agus Juli Ní Mhaoileoin?

### Ceist 3

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Cén Ghaeilge a chuirfeadh sibh ar na póstaer seo a bhí le feiceáil sa mhír?

We Demand Jobs.

Our lives. Our rights. Our voice.

Women's rights are human rights.

**Ceist 4** An t-ainmfhocal

1. Féach ar na focail seo a bhí le cloisteáil sa mhír. An bhfuil siad baininscneach nó firinscneach?

*claontacht, bliain, cruinne, uaine, céad, saol, Aifreann, sláinte, féile domhan, tír*

2. Scríobh na focail sin sna boscaí cuí sa tábla thíos agus cuir an t-alt leo. Lean an patrún sna samplaí atá déanta.

Ainmfhocail fhirinscneacha	Ainmfhocail bhaininscneacha
<i>an cuireadh</i> <i>an t-aer</i> <i>an siopa</i> <i>an doras</i> <i>an teach</i>	<i>an chiaróg</i> <i>an aois</i> <i>an tsaoirse</i> <i>an draíocht</i> <i>an teocht</i>

3. Bhí na samplaí seo a leanas den ghinideach uatha le cloisteáil sa mhír. Bain amach na lúbíní i ngach sampla agus cuir an fhoirm cheart den ainmfhocal agus den alt sa bhearna in aice leis.

sárú (an) (claontacht): \_\_\_\_\_  
téama (an) (bliain): \_\_\_\_\_  
ar fud (an) (cruinne): \_\_\_\_\_  
ag tús (an) (céad): \_\_\_\_\_  
gnéithe difriúla (an) (saol): \_\_\_\_\_  
timpeall (an) (domhan): \_\_\_\_\_

**Ceist 5** ‘...á...’

An féidir leat a rá cén fheidhm atá ag an mír **á sna** samplaí seo a leanas?

‘Dathanna corcra, uaine agus geal, dathanna an lae inniu, le ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Idirnáisiúnta na mBan, a bhíonn **á** cheiliúradh ar an ochtú lá de Mhárta chuile bhliain...’

‘D’fhógair Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge go bhfuil post comhionannais le cruthú acu san institiúid agus go bhfuiltear á dhéanamh in ómós do Vicky Phelan ar Lá Idirnáisiúnta na mBan...’

**Ceist 6**

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An bhfuil cothromaíocht ann idir fir agus mná in Éirinn? Mínigh.
2. Cén tábhacht a bhaineann le Lá Idirnáisiúnta na mBan, dar leat?
3. Cén fáth a bhfuil an oiread éagothroime idir mná agus fir ar fud an domhain, dar leat?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

bias, prejudice	<i>claontacht</i>
achieved	<i>bainte amach</i>
reasonable working hours	<i>uaireanta réasúnta oibre</i>
voting rights	<i>cearta vótála</i>
in the sectors	<i>sna hearnálacha</i>
quarter	<i>ceathrú</i>
balance	<i>cothromaíocht</i>
fair, equitable	<i>cothrom</i>
equality	<i>comhionannas</i>
in homage to	<i>in ómós do</i>
bravely	<i>go cróga</i>

### Ceist 2

Féach an script

### Ceist 3

We Demand Jobs:	Éilimid Poist.
Our lives. Our rights. Our voice:	Ár saol. Ár gcearta. Ár nguth.
Women's rights are human rights:	Is ionann cearta an duine agus cearta na mban.

### Ceist 4

Ainmfhocail fhirinscneacha	Ainmfhocail bhaininscneacha
<i>an cuireadh</i>	<i>an chiaróg</i>
<i>an t-aer</i>	<i>an aois</i>
<i>an siopa</i>	<i>an tsaoirse</i>
<i>an doras</i>	<i>an draíocht</i>
<i>an teach</i>	<i>an teocht</i>
<i>an céad</i>	<i>an chlaontacht</i>
<i>an saol</i>	<i>an bhliain</i>
<i>an tAifreann</i>	<i>an chruinne</i>
<i>an domhan</i>	<i>an uaine</i>
	<i>an tsláinte</i>
	<i>an fhéile</i>
	<i>an tír</i>

sárú (an) (claontacht):	<i>sárú na claontachta</i>
téama (an) (bliain):	<i>téama na bliana</i>
ar fud (an) (cruinne):	<i>ar fud na cruinne</i>
ag tús (an) (céad):	<i>ag tús an chéid</i>
gnéithe difriúla (an) (saol):	<i>gnéithe difriúla an tsaoil</i>
timpeall (an) (domhan):	<i>timpeall an domhain</i>

### Ceist 5

Tá dhá chiall ag baint le 'á + ainm briathartha':

1. Úsáidtear é mar nach féidir forainm a chur tar éis ainm briathartha sa Ghaeilge. i. ní féidir 'ag déanamh + é' a rá sa Ghaeilge, mar sin is é 'á dhéanamh' an Ghaeilge atá ar '*doing it*'.

‘D’fhógair Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge go bhfuil post comhionannais le cruthú acu san institiúid agus go bhfuiltear á dhéanamh in ómós do Vicky Phelan ar Lá Idirnáisiúnta na mBan...’

2. Úsáidtear an struchtúr seo freisin mar fhaí chéasta (*passive voice*). Mar shampla, ‘Tá sé á dhéanamh (aige)’ = *It is being done (by him)*.

‘Dathanna corcra, uaine agus geal, dathanna an lae inniu, le ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Idirnáisiúnta na mBan, a bhíonn á cheiliúradh ar an ochtú lá de Mhárta chuile bhliain...’

### **Ceist 6**

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

### **Eimear Ní Chonaola**

Bhur gcéad fáilte ar ais. Sárú na claontachta, téama na bliana seo ar Lá Idirnáisiúnta na mBan. Tá imeachtaí ar siúl ar fud na cruinne inniu le mná, agus a bhfuil bainte amach acu i ngach gné den saol, a cheiliúradh.

### **Aodhán Ó Maoileoin**

Dathanna corcra, uaine agus geal, dathanna an lae inniu, le ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Idirnáisiúnta na mBan a bhíonn á cheiliúradh ar an ochtú lá de Mhárta chuile<sup>1</sup> bhliain, a bhuíochas do na mílte ban a mháirseáil i Nua-Eabhrac, ag tús an chéid seo caite. Bhí siad ag iarraidh cearta, idir uaireanta réasúnta oibre, ardú pá agus gan dabht cearta vótála. Is iomaí tír ar domhan nach bhfuil an stádas céanna ag mná agus atá ag fir. Ach an bhfuil claontacht le feiceáil fós i ngnéithe difriúla an tsaoil?

### **Bairbre Hergett**

Nuair a bhíodh páiste ag mná, ní raibh aon chead acu dul chuig an Aifreann ina dhiaidh sin. Ní raibh aon chead acu dul chuig Aifreann go mbeidís glanta. Nach uafásach an rud é sin (*doiléir*). Tá athrú fíormhór tagtha ar an saol. Tá siad in ann anois aon jab a thógáil, cuma céard é féin. Tá siad in ann é a thógáil agus é a dhéanamh chomh maith le fear ar bith.

### **Ola Majekodunmi, Iriseoir**

Ba chuma cén cúlra atá agat, cén cine atá ort, mura bhfuil ceart ag gach uile mná (bhean), timpeall an domhain, níl ceart ag aon bhean in aon chor. So, sílim sin an rud is tábhachtaí don lá atá inniu ann.

### **Aodhán Ó Maoileoin**

An bhfuil claontacht fós le feiceáil i gcúrsaí oibre, sna hearnálacha éagsúla, nó an bhfuil feabhas tagtha air le blianta?

### **Mairéad Ní Mhaonaigh, Ceoltóir**

So, inniu, thug *FairPlé* amach uimhreacha ó thaobh an méid mná (an líon ban) atá ag seinm ag féilte ceoil anseo in Éirinn. Tchíonn<sup>2</sup> muid nach bhfuil ach ceathrú den mhéid daoine ba mhaith linn, de mhná, atá ag seinm ag na féilte seo, gurb é, go bhfuil siad, go mór mhór, gurb é fir is mó a iarrtar, agus a chuireann, tugtar cuireadh d'fhir a bheith páirteach i bhféilte. Ní thuigim sin. Mar, tá an ceol céanna i gceist. Tá an caighdeán céanna ceoil i gceist. Ní thuigim cad chuige a bhfuil sé go fóill i bhfabhar na bhfear. So, tá an t-am aige sin athrú. Caithfidh muid cothromaíocht a bheith againn.

### **Juli Ní Mhaoileoin, Dingle Druid**

Níl sé cothrom fós idir mná agus na fir – pá, obair, fiú amháin an obair sa bhaile agus na leanaí, níl sé sin cothrom fós. Tá feabhsú in áiteanna, ach is dócha, nuair a chionn tú na mná san Úcráin agus cé chomh huafásach is atá sé, cé chomh crua is atá sé, tá sé deacair ceiliúradh a dhéanamh dúinne inniu agus go bhfuil a fhios againn go bhfuil an méid sin mná (ban) timpeall an domhain ar fad agus cé chomh deacair (agus atá) an saol dóibh.

### **Aodhán Ó Maoileoin**

D'fhógair Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge go bhfuil post comhionannais le cruthú acu san institiúid agus go bhfuiltear á dhéanamh in ómós do Vicky Phelan ar Lá Idirnáisiúnta na mBan, bean a throid go cróga do chearta sláinte.

Aodhán Ó Maoileoin, Nuacht TG4.

---

<sup>1</sup> leagan canúnach de 'gach uile'

<sup>2</sup> chionn = leagan canúnach de 'feiceann'